



An Bhruiséil, 12 Márta 2018  
(OR. en)

6912/18

FSTR 8  
FC 8  
REGIO 11  
SOC 127  
AGRISTR 15  
PECHE 78  
CADREFIN 17

### NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

---

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le córas cur i gcrích agus cur chun feidhme an Bheartais Comhtháthaithe agus cistí struchtúracha agus infheistíochta na hEorpa (Cistí SIE) a shruthlíniú tar éis 2020 - Glacadh

---

1. Ar an 17 Eanáir 2018, thíolaic an Uachtaránacht dréachtchonclúidí ón gComhairle do na Ballstáit maidir leis an gcóras cur i gcrích agus cur chun feidhme an Bheartais Comhtháthaithe agus cistí struchtúracha agus infheistíochta na hEorpa (Cistí SIE) a shruthlíniú tar éis 2020.
2. Scrúdaigh an Mheitheal um Bearta Struchtúracha na dréachtchonclúidí ag na cruinnithe a bhí aici ar an 22 Eanáir, ar an 7 agus 20 Feabhra agus ar an 6 Márta 2018. Chomhaontaigh na toscaireachtaí uile i ndáil leis na dréachtchonclúidí mar a leagtar amach iad san iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo i nós imeachta an tosta a tháinig chun deiridh ar an 9 Márta 2018.
3. Dá bhrí sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle na dréachtchonclúidí ón gComhairle de réir mar a leagtar amach iad san iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, a ghlacadh mar mhír "A" ag an gcrúinniú a bheidh aici a bheidh dírithe ar an mbeartas comhtháthaithe ar an 12 Aibreán 2018.

**Dréacht**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis córas cur i gcrích agus cur chun feidhme an bheartais comhtháthaithe agus cistí struchtúracha agus infheistíochta na hEorpa (Cistí SIE) a shruthlíniú tar éis 2020**

**FÓGRAÍONN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:**

- (1) MEABHRAÍONN SÍ raon feidhme agus cuspóirí an bheartais chomhtháthaithe agus cistí SIE mar a leagtar amach iad in Airt. 174 CFAE;
- (2) MEABHRAÍONN SÍ na conclúidí uaithe, ón 15 Samhain 2017, maidir le sineirgí agus simpliú don bheartas comhtháthaithe ó 2020 ar aghaidh<sup>1</sup>;
- (3) MEABHRAÍONN SÍ conclúidí deiridh agus moltaí deiridh an ghrúpa ardleibhéil maidir le simpliú don tréimhse ó 2020 ar aghaidh<sup>2</sup>;
- (4) Is DÍOL SÁSAIMH DI tuarascáil straitéiseach 2017 ón gCoimisiún maidir le cistí struchtúracha agus infheistíochta na hEorpa a chur chun feidhme<sup>3</sup>;
- (5) TUGANN SÍ DÁ hAIRE an measúnú dearfach sa tuarascáil straitéiseach seo ar na gnéithe nua a tugadh isteach i gclárthréimhse 2014-2020 chun an cur i gcrích a fheabhsú amhail coinníollachtaí ex ante, an t-ailíniú le moltaí tírshonracha, an díriú neartaithe ar an bhfeidhmíocht agus sineirgí níos fearr le hionstraimí eile; Is DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta ar fud na mBallstát agus thar na réimsí beartais maidir le roghnú na dtionscadal, agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit dlús breise a chur leis an gcur chun feidhme agus leis an gcaiteachas chun go bhféadfar rannhuidiú le príomhthosaíochtaí an Aontais a mhéid is mó is féidir trí chistí struchtúracha agus infheistíochta na hEorpa (SIE);

---

<sup>1</sup> 14263/17.

<sup>2</sup> [http://ec.europa.eu/regional\\_policy/en/information/publications/reports/2017/esif-simplification-hlg-proposal-for-policymakers-for-post-2020](http://ec.europa.eu/regional_policy/en/information/publications/reports/2017/esif-simplification-hlg-proposal-for-policymakers-for-post-2020).

<sup>3</sup> 15788/17 + ADD 1.

- (6) AITHNÍONN SÍ ag an am céanna gur cuireadh tús mall leis na cláir sa tréimhse 2014-2020, agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE na cúiseanna éagsúla leis an moill a bheith ann, amhail an reachtaíocht a ghlacadh go déanach, castacht na rialacha agus rialacha nua a thabhairt isteach, nósanna imeachta fadálacha maidir leis na húdaráis inniúla sna Ballstáit a ainmniú, chomh maith le dúnadh chlárthréimhse 2007-2013 agus tús chlárthréimhse nua 2014-2020 a bheith ag forluí; MEASANN SÍ, dá bhrí sin, go bhfuil dúshlán fós ann agus gur gá cur chun feidhme cistí SIE tar éis 2020 a shimpliú go substaintiúil;
- (7) TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach ndéantar réamhbhreithiúnas sna conclúidí ón gComhairle ar thoradh na caibidlíochta maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil an Aontais amach anseo nó ar an bplé ar an mbeartas comhtháthaithe tar éis 2020;
- (8) TÁ SÍ MEÁITE I gCÓNAÍ ar dhíospóireacht rialta pholaitiúil a dhéanamh i measc airí ábhartha na Comhairle Gnóthaí Ginearálta maidir leis an mbeartas comhtháthaithe agus le Cistí Struchtúrtha agus Infheistíochta na hEorpa;

#### **I. Córas bainistíochta agus rialaithe, bunaithe ar choimhdeacht agus ar chomhréireacht**

- (9) MEASANN SÍ gur cheart córas cur i gcrích an bheartais comhtháthaithe tar éis 2020 a bheith bunaithe go láidir ar phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, agus é á aithint go bhfuil ról tábhachtach ag údaráis inniúla na mBallstát agus réigiún maidir le clársceidealú, cur chun feidhme, faireachán, meastóireacht, rialú agus iniúchóireacht; ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur iarr sí ar an gCoimisiún, i mí na Samhna seo caite<sup>4</sup>, machnamh a dhéanamh ar chóras cur i gcrích níos simplí a thabhairt isteach maidir le cur i bhfeidhm éifeachtach comhréireachta, spleáchas ar rialachas náisiúnta agus ar chórais dhea-fheidhmiúla náisiúnta agus réigiúnacha, a d'fhéadfadh na Ballstáit agus na réigiúin uile a ghlacadh ar bhonn critéir thrédhearcacha, oibiachtúla agus intomhaiste;
- (10) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart freagrachtaí an Choimisiúin agus na mBallstát a shainiú ar bhealach níos soiléire d'fhonn forluí a laghdú;

---

<sup>4</sup> Conclúidí ón gComhairle maidir le Sineirgí agus Simpliú don Bheartas Chomhtháthaithe ó 2020 ar aghaidh, 14263/17, lch. 6.

- (11) MEASANN SÍ, gan dochar d'fhreagrachtaí an Choimisiúin faoi na Conarthaí an buiséad a chur chun feidhme i gcomhar leis na Ballstáit, gur cheart gurb iad seo a leanas príomhchúraimí an Choimisiúin:
- Teacht ar chomhaontú leis na Ballstáit faoi chuspóirí agus faoi ghnéithe straitéiseacha na gclár,
  - Faireachán a dhéanamh ar bhaint amach aschuir agus thorthaí na gclár, agus
  - A áirithiú, i dteannta na mBallstát, go bhfeidhmeoidh na córais bhainistíochta agus rialaithe go héifeachtach agus mar is ceart, go ndéanfar bainistiú fóna airgeadais agus, ag an am céanna, bealaí a fhiosrú chun níos mó freagrachta a aistriú chuig na Ballstáit maidir leis na gnéithe oibríochtúla a bhaineann le cur chun feidhme;
- (12) MEASANN SÍ gur cheart, leis na córais bhainistíochta agus rialaithe a bheith ag brath, a mhéid is féidir, ar rialacha agus údaráis náisiúnta; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, agus aird chuí á tabhairt aige ar a chuid freagrachtaí maidir le cur chun feidhme an bhuiséid, díriú go príomha ar iniúchtaí córais seachas ar thionscadail aonair agus ar rialú ar chaiteachas arb iad na Ballstáit ba cheart a bheith freagrach astu siúd go príomha;
- (13) MEASANN SÍ chomh maith gurb amhlaidh, i gcás córais a bhfuil sé cruthaithe ina leith gur fheidhmigh siad go maith i gclárthréimhse 2014-2020 agus nach ndearnadh athruithe móra orthu sa tréimhse nua, nár cheart nósanna imeachta ainmniúcháin a dhéanamh arís;
- (14) MEASANN SÍ gur cheart na hiniúchtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún a bheith bunaithe ar riosca agus gur cheart cloí le cur chuige an iniúchta aonair leo chun go seachnófaí an ró-iniúcháireacht; SPREAGANN SÍ na Ballstáit freisin cur chuige rioscabhunaithe a chur i bhfeidhm i ndáil le fíoruithe bainistíochta, ag díriú ar na seiceálacha is mó a theastaíonn, agus ag seachaint rialuithe forleithne, ag cuimsiú gach gné d'iarratais íocaíochta aonair;
- (15) MEASANN SÍ gur cheart córas an ghlaitha bhliantúil cuntas, atá ann faoi láthair, a athbhreithniú chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú;

## II. Reachtaíocht shimplithe agus clársceidealú solúbtha

- (16) ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil sé ríthábhachtach, ó thaobh cistí SIE a chur chun feidhme go tráthúil agus ó thaobh níos mó torthaí agus torthaí níos fearr ar an mbeartas a bhaint amach, na rialacha a shimpliú agus, ar an gcaoi sin freisin, beidh an beartas níos infheicthe; MEASANN SÍ gur cheart simpliú a dhéanamh, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon;
- (17) MEASANN SÍ gur cheart, sa reachtaíocht a dhéanfar tar éis 2020, foráil a dhéanamh maidir le reachtaíocht náisiúnta a chur i bhfeidhm aon uair is féidir, gur cheart í a bheith solúbtha agus a bheith dírithe ar na príomhghnéithe a bhaineann le bainistiú Chistí SIE go háirithe; ba cheart forálacha mionsonraithe do gach cineál cásanna, maoluithe agus treoirlínte a sheachaint;
- (18) MEASANN SÍ freisin gur cheart comhchuibhiú na rialacha, na nósanna imeachta agus na sainmhínte is infheidhme maidir leis na cistí éagsúla faoi bhainistíocht chomhroinnte agus faoi bhainistíocht dhíreach a áirithiú sa reachtaíocht a dhéanfar tar éis 2020, i gcás inarb iomchuí, agus aird á tabhairt ar shainiúlachtaí na gcistí éagsúla; níor cheart ábhar na rialachán éagsúil a bheith ag forluí agus, aon uair is iomchuí agus ar bhonn na taithí sin a fuarthas roimhe seo, ba cheart na gnéithe reatha a choimeád chun leanúnachas a áirithiú;
- (19) MEABHRAÍONN SÍ a seasamh a leagtar amach sna conclúidí uaithi ó mhí na Samhna 2017<sup>5</sup> gur cheart, le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú comhlíontachta na rialacha iomaíochta is gá ar mhaithe le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, foráil a dhéanamh go gcaithfear go comhsheasmhach le tionscadail chomhchosúla i ngach cuid de bhuiséad an Aontais beag beann ar an modh bainistithe, agus sainiúlachtaí na n-earnálacha talmhaíochta agus iascaigh á gcur san áireamh;
- (20) CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil sé tábhachtach an comhchuibhiú sin a dhéanamh ar na rialacha lena rialaítear cistí SIE d'fhonn go gcumasófar sineirgí mar thoradh ar ionstraimí éagsúla a úsáid agus, ar an gcaoi sin, bainfear leas iomlán as a n-acmhainneacht; MEASANN SÍ gur cheart cuspóirí ionstraimí aonair an Aontais a shainiú go maith chun a áirithiú gur fearr is féidir iad a idirdhealú óna chéile; ba cheart cur chuige an chlársceidealaithe ilchiste a neartú trí struchtúr níos solúbtha a chruthú do na cláir lena bhféadfaí idirghabhálacha éagsúla chistí SIE a chomhcheangal, cé gur cheart úsáid an chuir chuige sin a bheith roghnach i gcónaí;

---

<sup>5</sup> 14263/17, lch. 3.

- (21) MEASANN SÍ gur cheart díriú, i gcomhaontuithe comhpháirtíochta, ar chuspóirí uileghabhálacha agus ar ghnéithe ginearálta straitéiseacha lena ndéantar difear do chistí SIE uile, agus níor cheart forluí a bheith ann idir na comhaontuithe sin agus ábhar na gclár, agus ba cheart díriú, le hábhar na gclár, ar ghnéithe oibríochtúla dá réir; thairis sin, ba cheart formáid na gcomhaontuithe comhpháirtíochta agus na gclár a ghiorrú agus a shruthlíniú, agus ba cheart í a bheith teoranta do na príomhghnéithe sin a bheidh le comhaontú idir an Ballstát, na húdaráis bhainistíochta agus an Coimisiún; ba cheart féachaint an bhféadfaí comhaontuithe comhpháirtíochta a chumasc le cláir i gcás Ballstáit agus réigiúin nach bhfuil ach líon beag clár acu nó leithdháileadh beag cistí acu;
- (22) MEASANN SÍ gur cheart solúbthacht níos mó sa chlársceidealú agus san ath-chlársceidealú a áirithiú agus, ar an gcaoi sin, bheadh na Ballstáit agus na réigiúin in ann freastal ar a riachtanais shonracha laistigh de raon feidhme téamach an bheartais comhtháthaithe;
- (23) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún bealaí a fhiosrú chun roghanna a chur ar fáil do na Ballstáit agus do na réigiúin maidir le dul i ngleic go gasta le himthosca gan choinne, cuspóirí na gclár a athchoigeartú agus maidir leis an deis a bheith ann iad a leasú go tapa;
- (24) MEASANN sí gur cheart níos mó úsáid a bhaint as roghanna costais simplithe sa chlárthréimhse don tréimhse tar éis 2020 agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí a n-úsáid a fheabhsú, lena n-áirítear le haghaidh na dtionscadal sin a bheidh faoi réir an tsoláthair phoiblí;
- (25) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint de na hiarrachtaí atá ar bun aige a bhfuil sé mar aidhm leo roghanna costais agus íocaíochtaí simplithe réamhdhéanta a fhorbairt agus a úsáid ar bhonn níos forleithne bunaithe ar choinníollacha a chomhlíonadh, a luaithe is féidir i bpróiseas an chlársceidealaithe agus i ndlúthchomhar leis na Ballstáit;
- (26) CUIREANN SÍ I dTREIS gur gníomhaithe tábhachtacha iad na hiniúcháirí chun cabhrú leis na Ballstáit earráidí a chosc agus easpa deimhneachta dlíthiúla a sheachaint maidir le roghanna costais simplithe a chur i bhfeidhm agus MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit rannpháirt a thabhairt dóibh in ullmhú rialacha le haghaidh na tréimhse tar éis 2020 trí mholtaí a chur ar fáil, i gcás inarb iomchuí;

(27) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint le córas níos simplí táscairí a bhunú, le modheolaíocht chomhchuibhithe, téarmaíocht chomhchuibhithe agus sainmhínte comhchuibhithe, lena bhféadfaí sonraí chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an bheartais comhtháthaithe agus chistí SIE a bhailiú ar bhealach níos fusa agus, ag an am céanna, an tuairisciú a shimpliú;

### **III. Aistriú rianúil idir na clárthréimhsí**

(28) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a chuid tograí reachtacha don tréimhse ó 2020 ar aghaidh a thíolacadh a luaithe is féidir i ndiaidh thíolacadh an togra le haghaidh an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil a bheidh ag an Aontas amach anseo, agus leanúint den dlúthchomhar agus den mhalartú leis na Ballstáit maidir le príomhghnéithe cheapadh agus cur i gcrích an bheartais le linn phróisis an ullmhúcháin don reachtaíocht nua;

(29) MEASANN SÍ gur cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún, le gur fusa agus gasta a bheidh an cur chun feidhme sa chéad chlárthréimhse eile, tús a chur leis na hullmhúcháin do na chéad chlár eile chomh luath agus is féidir, sa dóigh go bhféadfar cinntí ceangailteacha a dhéanamh faoi chlár a luaithe is féidir sula nglactar reachtaíocht de chuid an Aontais;

(30) MEASANN SÍ gur cheart foráil a dhéanamh, sa reachtaíocht nua, d'uirlisí, amhail 'céimniú', sa dóigh gur féidir leanúnachas a bheith ann, go pointe áirithe, le haghaidh na n-infheistíochtaí fadtéarmacha sin, nár athraíodh na tosaíochtaí, ná an loighic idirghabhála, na gníomhaíochtaí a bhfuil tacaíocht le tabhairt dóibh etc., ina leith, agus a chuirfí chun feidhme thar dhá chlárthréimhse;

### **IV. Ionstraimí airgeadais a úsáid amach anseo**

(31) MEASANN SÍ gurb amhlaidh, cé gur cheart úsáid ionstraimí airgeadais a bheith roghnach, gur cheart, leis na forálacha a bhaineann le hionstraimí airgeadais don tréimhse i ndiaidh 2020, na Ballstáit agus na réigiúin a spreagadh na hionstraimí sin a úsáid i gcás ina measfaí go mbeadh sé iomchuí iad a úsáid agus aon uair a mheasfaí sin;

- (32) TUGANN SÍ DÁ hAIRE gurb é sprioc phríomha ionstraimí airgeadais a dtacaítear leo le cistí SIE cuspóirí beartais a bhaint amach agus CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart, leis an tacaíocht sin, an dúbláil le huirlisí maoinithe atá ar fáil cheana ar an margadh a sheachaint; MEASANN SÍ gur cheart bunú, cur chun feidhme agus tuairisciú ionstraimí airgeadais a shimpliú go suntasach; thairis sin, ba cheart gur fusa a bheadh sé ionstraimí airgeadais agus na deontais a chomhcheangal sa chéad chlárthréimhse eile;
- (33) MEASANN SÍ gur cheart cothrom na Féinne a áirithiú idir ionstraimí airgeadais faoi na modhanna bainistíochta díreacha agus comhroinnte;

## V. An cur chuige críochach

- (34) MEASANN SÍ gur gné bhunriachtanach de Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa é an cur chuige comhtháite; AITHNÍONN SÍ gur cheart na hionstraimí críochacha don tréimhse 2014-2020, amhail na hinfeistíochtaí críochacha comhtháite (ICC), an fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail (CLLD) nó aiseanna tosaíochta measctha, a choinneáil tar éis 2020; d'ainneoin sainiúlachtaí an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), ba cheart cur i bhfeidhm na n-ionstraimí sin a bheith roghnach agus a bheith bunaithe ar straitéisí comhtháite críochacha agus ba cheart iad a shimpliú go suntasach chun gur fusa a bheadh sé na hionstraimí a chur chun feidhme agus chun gur fearr a fhéadfar iad a oiriúnú don staid shocheacnamaíoch atá ag roinnt le cineál áirithe críche, sa dóigh is gur féidir eintitis éagsúla a bheith rannpháirteach i gcur i gcrích beartas poiblí gan ualach róthrom riaracháin a fhorchur;
- (35) IS DÍOL SÁSAIMH DI an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal "Borradh a chur faoin fás agus faoin gcomhtháthú sóisialta i réigiún teorann an Aontais"<sup>6</sup> agus TUGANN SÍ DA hAIRE na moltaí atá ann maidir le tuilleadh gníomhaíochta de chuid an Aontais a dhéanamh, agus é mar aidhm leis an comhar trasteorann a éascú, agus i ndiaidh 2020 freisin, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún breathnú ar na deiseanna chun staidéir mar sin a dhéanamh ar theorainneacha muirí agus ar thuilleadh theorainneacha seachtracha de chuid an Aontais freisin, de réir mar is iomchuí;

---

<sup>6</sup> 12419/17 + ADD 1.



- (36) AITHNÍONN SÍ breisluach Eorpach an chomhair chríochoigh Eorpaigh, agus CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart an comhar críochach trasteorann, trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach, agus an comhar thar theorainneacha muirí agus le tríú tíortha freisin, a bheith mar chuid den bheartas comhtháthaithe tar éis 2020 agus, ag an am céanna, gur cheart cur chun feidhme na gClár Interreg a éascú chun go mbeidh éifeacht níos mó orthu;
- (37) IS DÍOL SÁSAIMH DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le speisialtóireacht chliste, dar teideal "An nuálaíocht i réigiúin na hEorpa a neartú: straitéisí don fhás athléimneach, cuimsitheach agus inbhuanaithe"<sup>7</sup>, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí píolótacha chun cineálacha nua cur chuige a thástáil le haghaidh tionscadail nuálaíochta idir-réigiúnacha agus do limistéir a bhfuil trasdul tionsclaíoch ag tarlú iontu, chomh maith le gníomhaíochtaí ar mhaithe leis na réigiúin bheagfhorbartha;
- (38) IS DÍOL SÁSAIMH DI an Tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an gClár Oibre Uirbeach don Aontas<sup>8</sup> agus AITHNÍONN SÍ go ndearnadh, leis an gClár Oibre Uirbeach don Aontas, samhail nua chomhpháirtíochta agus idirphlé díreach idir údaráis uirbeacha, institiúidí náisiúnta agus Eorpacha agus geallsealbhóirí eile chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna uirbeacha; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leanúint de ról gníomhach a imirt agus an Clár Oibre Uirbeach don Aontas á gcur chun feidhme acu; TÁ SÍ AG SÚIL leis an gcéad tuarascáil eile ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme an Chláir Oibre Uirbeach don Aontas;
- (39) IS DÍOL SÁSAIMH DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún "Comhpháirtíocht straitéiseach neartaithe athnuaite leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas"<sup>9</sup> agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint den obair ar bhearta sonracha do na réigiúin is forimeallaí i gcomhréir le hAirteagal 349 CFAE maidir le riachtanais speisialta agus deiseanna speisialta na gcríoch sin;
- (40) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint de bheith ag obair ar bhearta sonracha do limistéir thuaithe, do limistéir a bhfuil an trasdul tionsclaíoch ag dul dóibh agus do réigiúin a bhfuil míbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha acu ar nós na réigiún is faide ó thuaidh a bhfuil dlús fíoriseal daonra iontu agus ar nós na réigiún oileánach, na réigiún trasteorann agus na réigiún sléibhteach i gcomhréir le hAirteagal 174 CFAE.

---

<sup>7</sup> 11426/17 + ADD 1.

<sup>8</sup> 14599/17.

<sup>9</sup> 12419/17 + ADD 1.